# Gaelscoil Uí Earcáin

Nuachtlitir Márta 2011

## Meastóireacht Scoile Uile

Thug Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna cuairt ar Ghaelscoil Uí Earcáin i mí an Mhárta 2010 d'fhonn Meastóireacht Scoile Uile (MSU) a chur i gcrích. Lean an MSU ar feadh tréimhse trí seachtaine agus rinne na cigirí iniúchadh agus measúnú ar gach ghné de shaol na scoile le linn na tréimhse sin.

Bhí conclúidí agus tátail na gcigirí iontach fabhrach don scoil agus táimid an-mhórtasach as sin toisc an dea-léiriú a thugann sé seo ar an dul chun cinn atá déanta ag an scoil ó d'osclaíomar na doirse don chéad uair i Meán Fómhair 2005. Tharraing na cigirí aird ar leith ina dtuairisc ar an atmaisféar dearfach idir fhoireann na scoile agus na daltaí, faoi stiúir agus arna threorú ag Príomhoide fíordhíograiseach agus dúthrachtach. Tugadh ardmholadh don chúram atá á ndéanamh de theagasc agus chothú na Gaeilge sa scoil, maraon le cur chuige béasach agus toilteanas agus ocras chun foghlama na ndaltaí.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do phobal uile na scoile as bhur gcúnamh in ullmhú don MSU. Is sibhse faoi ndeara an dea-thoradh atá bainte amach ag an scoil. Déanaim comhghairdeas libh uile as an éacht sin.

Tá achoimre ar mholtaí na tuairisce ar fáil ar chúl. Tá cóip iomlán den tuairisc ar fail ar shuíomh na Roinne Oideachais agus Scileanna www.educationn.ie

## *Whole School Evaluation Report*


*The Department of Education & Skills Inspectorate visited Gaelscoil Uí Earcáin in March 2010 in order to carry out a Whole School Evaluation (WSE). The WSE continued over a period of three weeks during which time the inspectors examined and evaluated all aspects of school life.*

*The conclusions drawn by the inspectors were extremely favourable to the school and we in Gaelscoil Uí Earcáin are justifiably proud of this achievement which reflects very well on the progress made by the school since we first opened our doors in September 2005. In their report, the inspectors noted in particular the positive atmosphere between the teaching staff and pupils, under the direction of a dedicated and diligent Principal. The care and attention given to the positive promotion of the Irish language in the school was particularly noteworthy, as was the politeness and willingness and hunger to learn of the student body.*

*On behalf of the Board I would like to say a big Thank You to the whole school community for your help in preparing for the WSE, the positive outcome of which is down to all your efforts. Congratulations on this wonderful achievement.*

*A summary of the conclusions of the report is set out at the back of this newsletter. The full report can be read on the Department of Education & Skills website www.education.ie*

Tá tuairiscí faighte ag an scoil go bhfuil snéachaí gruaige ar chúpla páiste sa scoil. Iarramuid oraibh ceann gach duine sa teaghlach a scrúdú agus a ní leis an ábhar cuí más gá. Tá sé tábhachtach go ndéanfar é seo láithreach le gur féidir an ruaig a chur orthu sa scoil. Muna ndéanann gach teaghlach seo tá baol ann go leanfaidh an fhadhb sa scoil.



*There have been accounts that a number of children in the school have head lice. Could you please check the heads of all members of the family and treat with the appropriate solutions when necessary. It is imperative this action be taken immediately to eradicate the problem. If all households do not comply we risk re-infestation.*




Má bhíonn timpiste ag dalta i rith am scoile, bíonn éadaí breise curtha ar fáil. Má tá aon brístí nó geansaithe sa bhaile agaibh an féidir iad a thabhairt ar ais go dtí an scoil iad le do thoil.

*If a child has an accident while at school, spare clothes will be provided. If you have any of these pieces of uniform/ clothes at home could you return them to us please.*

**Lá na Sean dTuistí**

Beidh Lá na Sean dTuistí ag na naíonáin (Rang Susan, Mairéad, Ciara & Cáit) ar an 25/03/2011. Tá fáilte roimh seantuismitheoir teacht isteach ag 9 ar maidin leis na páistí agus lá scoile a dhéanamh leo go dtí a 11. Beidh cluichí, ealaín agus rince ar siúl.



*We will celebrate Grandparents Day on the 25/03/2011. Grandparents of Junior and Senior Infants are most welcome to come to school with the children at 9 and stay with us until 11. There will be games, art and dancing on the day.*

*One Grandparent per child.*

**<u>Cruinnithe Múinteoirí/ Staff Meetings</u>**

Ní bheidh cruinnithe Múinteoirí ar siúl le linn am scoile as seo amach. Dá bhrí sin, **<u>ní bheidh</u>** an scoil ag dúnadh go luath ar 2 Márta, 6 Aibreáin, 4 Bealtaine agus 1 Meitheamh, mar a fógraíodh ar an bhféilire. Beidh Foireann na Scoile ag cómhlíonadh a ndualgaisí de réir Comhaontú Pháirc an Chrócaigh agus beidh uaireanta breise á dhéanamh i ndiaidh na scoile feaseta.

*Staff meetings will no longer take place during school hours. Therefore the school will **<u>not</u>** be closing early on 2 March, 6 April, 4 May and 1 June as shown on the school calendar. The school staff will be fulfilling their obligations under the terms of the Croke Park Agreement and extra hours will be worked after the school closes.*



**Ríomhphost/ Email**

Agus muid ag lorg and méid bruscar a dhéanann muid anseo i nGaelscoil Uí Earcáin a laghdú, tá muid ag iarraidh oraibh nuachtlitreacha agus nótaí scoile a glacadh mar ríomhphost. Má tá tú sásta cabhrú linn, seol ríomhphost cuig runai@gaelscoiluiearcain.ie agus cuirfidh muid thú ar an liosta.

*In the interest of reducing the waste we create here, Gaelscoil Uí Earcáin are trying to send as many newsletters and notes as we can through email. If you are willing to help us out just send a quick email to runai@gaelscoiluiearcain.ie and we'll add*

**Seachtain na Gaeilge**

Beidh Seachtain na Gaeilge ann idir an 5-17 de Mí Márta i mbliaina. Anseo i Gaelscoil Uí Earcáin beidh go leor imeachtaí ar siúl againn chun an tseachtain seo a chéiliúradh.

Thar Seachtain na Gaeilge beidh na páistí ag céiliúradh an teanga Gaelach le imeachtaí breise agus na hárd ranganna ag obair le chéile leis na bun ranganna. Tá siúl againn comh maith go mbeidh cuairteoirí againn ó scoileanna eile chun céiliúradh linn.

*Seachtain na Gaeilge is between the 5-17 of March this. Here at Gaelscoil Uí Earcáin we will be having many events to celebrate the Irish language.*

*Over Seachtain na Gaeilge the children will be celebrating the Irish language with extra activities, the senior classes will be working together with the junior classes. We're also hoping we will have visitors from other schools to celebrate with us.*

**Aonach Leabhair/ Book Fair**

Beidh aonach leabhair ar siúl sa scoil ón 2 go dtí 8 Márta. Beidh leabhair do pháistí agus do dhaoine fásta araon ar díol le linn an aonaigh leabhair. Gheobhaidh an scoil céatadán den bhrabús ó dhíol na leabhair. Tapaigh an deis do pháiste a spreagadh chun léitheoireachta.

*A Book Fair will take place in the school from 2 to 8 March. Books for children and grown-ups alike will be on sale during this book fair. A percentage of the profits will go to the school. A great chance to encourage your child to read.*



Tá sé mar pholasaí sa scoil go mbíonn gach páiste rannpháirteach i ngníomhaíochtaí laethúla na scoile, bíodh sin damhsa nó ag dul amach ar an clós ag am lóin. Sa chás nach féidir le do pháiste/í páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí laethúla scoile ba chóir sin a chur in iúl don oifig.

*It is school policy that every child participates in the daily school activities, whether that be dancing or going outside at lunchtime. In the event that your child / children are unable to participate in these activities, please notify the school office.*

## Meastóireacht Scoile Uile

5. ACHOIMRE AR THORTHAÍ AGUS AR MHOLTAÍ D'FHORBAIRT BHREISE

Is iad seo a leanas na láidreachtaí a aithníodh sa mheastóireacht:

- Tá atmaisféar an-dearfach idir múinteoirí, daltaí agus an fhoireann le sonrú sa scoil.
- Tá dúthracht agus éifeacht an bhoird bainistíochta le moladh.
- Oibríonn an príomhoide go fíórdhíograiseach i gcomhlíonadh a cuid dualgais agus tugann sí ceannaireacht soiléir agus cabhrach don fhoireann agus do phobal na scoile.
- Tá tuismitheoirí na scoile le moladh as an gcúnamh agus an tacaíocht airgid agus praiticiúil a thugann siad don scoil.
- Léiríonn na múinteoirí an-suim i bhforbairt na scoile agus comhoibríonn siad go héifeachtach mar fhoireann.
- Tugtar togha na haire do chothú na Gaeilge sa scoil.
- Tá na daltaí le moladh as ucht a ndea-bhéasa agus a n-iarrachtaí chun foghlama.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis an bhfoireann agus leis an mbord bainisíochta mar a ndearnadh na dréacht-thorthaí agus moltaí na meastóireachta a chur i láthair agus a phlé.

Foilsithe Feabhra 2011

*5. CONCLUSION*

*The school has strengths in the following areas:*

- *There is a very positive atmosphere discernible among the teachers, pupils and staff in the school.*
- *The diligence and effectiveness of the board of management are commended.*
- *The principal works very enthusiastically in fulfilling her duties and she gives clear and helpful leadership to the staff and the school community.*
- *The parents of the school are commended for the assistance and the financial and practical support they give to the school.*
- *The teachers display great interest in the development of the school and they co-operate together effectively as a team.*
- *The best of attention is devoted to the promotion of Irish in the school.*
- *The pupils are commended on their good manners and their efforts in learning.*

*Post-evaluation meetings were held with the staff and board of management where the draft findings and recommendations of the evaluation were presented and discussed.*

*Published February 2011*

Ar scáth a chéile, a mhairimid!

Leah agus An Fhoireann